2026/1099

18.5.2026

CINNEADH (AE) 2026/1099 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Aibreán 2026

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long')

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2), pointí (b) agus (c), de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long' nó an 'Coinbhinsiún') i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022.

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/414 ón gComhairle [2], síníodh an Coinbhinsiún an 14 Márta 2024 thar ceann an Aontais maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(3) Is é an Coinbhinsiún an chéad ionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear córas comhchuibhithe chun éifeacht idirnáisiúnta a thabhairt do dhíol breithiúnach, agus an dlí náisiúnta lena rialaítear an nós imeachta um dhíol breithiúnach agus na himthosca ina dtugtar teideal glan le díol breithiúnach á gcaomhnú an tráth céanna. Neartaítear leis an creat dlíthiúil idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le loingeas agus loingseoireacht agus cuireann sé le forbairt na gcaidreamh eacnamaíoch idirnáisiúnta comhchuí ar bhealach úsáideach. Trí dheimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leis an teideal a fhaigheann an ceannaitheoir ar an long agus í á loingsiú go hidirnáisiúnta, tá an Coinbhinsiún ceaptha chun uasmhéadú a dhéanamh ar an bpraghas is féidir leis an long a mhealladh sa mhargadh agus ar na fáltais atá ar fáil lena dáileadh ar na creidiúnaithe, agus chun trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn. Is inmhianaithe, dá bhrí sin, an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(4) Rannchuideoidh tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin thar ceann an Aontais leis an deimhneacht dhlíthiúil agus an intuarthacht a áirithiú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach trí chóras aonfhoirmeach a chruthú maidir leis na héifeachtaí idirnáisiúnta a bhaineann le díol breithiúnach long, ar príomhchuspóirí de chuid an Aontais iad atá le baint amach ina chuid gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(5) Forbraíonn an tAontas comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha. Sa chomhthéacs sin, ghlac reachtóir an Aontais, i measc Rialacháin eile, Rialacháin (AE) Uimh. 1215/2012 [3] agus (AE) 2020/1784 [4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas ar na hábhair a chumhdaítear leis na Rialacháin sin, agus ní thagann na hábhair eile a chumhdaítear leis an Choinbhinsiún faoin inniúlacht sin.

---

[1] Toiliú an 26 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh (AE) 2024/414 ón gComhairle an 21 Nollaig 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 (IO L, 2024/414, 29.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/414/oj).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1215/oj).

[4] Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (IO L 405, 2.12.2020, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1784/oj).

(6) Níor cheart don Aontas a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún ach amháin a mhéid a bhaineann leis na hábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, is é sin a mhéid a d'fhéadfadh forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú. Faoi láthair, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le forálacha áirithe den Choinbhinsiún a bhaineann le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta mar a shonraítear sa Dearbhú atá i gceangal a bhaineann le hinniúlacht an Aontais, agus coimeádann na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Coinbhinsiún difear do chomhrialacha ná nach n-athraíonn sé a raon feidhme. Tá aontachas an Aontais don Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach gan dochar do shainchumais na mBallstát a mhéid a bhaineann le daingniú an Choinbhinsiúin, maidir le hábhair a thagann faoina n-inniúlachtaí náisiúnta.

(7) Foráiltear sa Choinbhinsiún go bhfuil an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta le dearbhú a dhéanamh ina sonrófar na hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún sin ar ina leith a d'aistrigh na Ballstáit inniúlacht chuig an eagraíocht sin. Foráiltear sa Choinbhinsiún freisin go ndéantar an dearbhú sin tráth an tsínithe, an daingnithe, an ghlactha, an fhormheasa nó an aontachais. Tráth an tsínithe, rinne an tAontas an dearbhú lena léirítear a inniúlacht in ábhair atá faoi rialú an.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Ba cheart an Coinbhinsiún agus an Dearbhú atá i gceangal leis seo a bhaineann le hinniúlacht an Aontais a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long ('an Coinbhinsiún').

Tá téacs an Choinbhinsiúin i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Formheastar leis seo an Dearbhú atá i gceangal a bhaineann le hinniúlacht an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 20 (1) den Choinbhinsiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 27 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

([5]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

Dearbhú de bhun Airteagal 18(2) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long') arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Nollaig 2022 i Nua-Eabhrac, a bhaineann le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar na hábhair sin atá faoi rialú an Choinbhinsiún sin ar aistrigh na Ballstáit a n-inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach

Foráiltear le hAirteagal 18(1) de Choinbhinsiún Bhéising maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le díol breithiúnach long ('an Coinbhinsiún') go bhféadfaidh Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici maidir le hábhair áirithe a rialaítear leis an gCoinbhinsiún an Coinbhinsiún a shíniú. Foráiltear le hAirteagal 18(2) den Choinbhinsiún go bhfuil an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta le dearbhú a dhéanamh ina sonrófar na hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún ar ina leith a d'aistrigh na Ballstáit inniúlacht chuig an eagraíocht sin. Chinn an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích agus athdhearbhaíonn sé leis seo an dearbhú a rinne sé tráth a shínithe an 14 Márta 2024.

A mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó do raon feidhme na ngníomhartha dlí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a athrú, is iad seo a leanas na hábhair atá faoi rialú ag forálacha an Choinbhinsiúin ar aistrigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh inniúlacht ina leith agus a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach ina leith de réir bhrí Airteagal 3(2) den den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

(a) Airteagal 9 den Choinbhinsiún ('Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint agus a chur ar fionraí') i ndáil leis na rialacha maidir le dlínse i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO AE L 351, 20.12.2012, lch. 1); agus

(b) Airteagal 4 den Choinbhinsiún ('Fógra faoi dhíol breithiúnach') maidir leis na rialacha maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil in ábhair shibhialta nó thráchtála (doiciméid a sheirbheáil) i Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála (IO AE L 405, 2.12.2020, lch. 40).

Inniúlacht an Aontais Eorpaigh, de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE) agus CFAE, is rud í, de bharr a cineáil, a d'fhéadfaí a fhorbairt go leanúnach. Faoi chuimsiú na gConarthaí, féadfaidh na hinstitiúidí inniúla cinntí a dhéanamh ina gcinnfear raon inniúlacht an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, coimeádann an tAontas Eorpach an ceart an Dearbhú seo a leasú dá réir sin, gan aon leasú den sórt sin a bheith ina réamhriachtanas chun a inniúlacht a fheidhmiú i ndáil le hábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin.

Sonraíonn an tAontas leis seo go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún, i ndáil le hinniúlacht an Aontais, maidir le críocha na mBallstát ina gcuirtear CAE agus CFAE i bhfeidhm de bhun Airteagal 52 CAE agus faoi na coinníollacha a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 355 CFAE.